

## **Ardchaighdeán Ollscolaíochta do Mhic Léinn**

Bun agus barr straitéis UCD ná timpeallacht foghlama a sholáthar a chuirfidh ar chumas mac léinn feidhmiú ag an leibhéal is airde caighdeán ar domhan. Is príomhghníomhaíocht san ollscoil í an fhoghlaim atá bainteach go smior le gach gné den saol; bíodh an léann, an saol sóisialta, seirbhísí tacaíochta nó cleachtadh spóirt i gceist. Ní mór dúinn barr feabhais a chinntiú i gcás gach ceann de na gnéithe seo ar mhaithe le forbairt iomlán an mhic léinn: an bunús cóir chun go n-éireoidh go geal leo sa tsaol atá rompu amach; ní hamháin ó thaobh gairme de, ach chomh fada agus a bhaineann le saol an duine trí chéile, bíodh sé in Éirinn nó níos faide ó bhaile. Is ar dhaoine dá leithéid a bhíonn agus a bheidh géilleagar na hÉireann ag brath.

Is iad na nithe is mó a théann i gcion ar shaol mac léinn UCD ná cineál agus caighdeán na bhfoirgneamh, soláthar agus rochtain gnátháiseanna agus imeachtaí seach-churaclaim a thugann an deis dóibh dul chun cinn - acadúil agus sóisialta - a dhéanamh. Tá athrú tagtha ar an ngréasán de sheirbhísí tacaíochta a chuirimid ar fáil de réir mar atá athrú tagtha ar riachtanais éagsúla na mac léinn: - d'fhéadfadh nithe éagsúla a bheith i gceist mar aosoideachas, iostas, cúnamh airgeadais nó rochtain ar oideachas dóibh siúd nach mbeadh d'acmhainn acu teacht tríd an ngnáthchóras iontrála.

- Forbairt Áiseanna: Tograí Caipitiúla
- Seirbhísí Mac Léinn
- An Leabharlann
- Seirbhísí Ríomhaireachta
- Gairmthreoir agus Fostaíocht
- Rochtain
- Aosoideachas
- Cúnamh Airgid do Mhic Léinn
- Tacaíocht do Mhic Léinn, Séiplíneacht agus Comhairleoirí Mac Léinn
- Imeachtaí Mac Léinn
- Spórt

- Ceol
- Cumainn Mhac Léinn

### **Forbairt Áiseanna: Tograí Caipitiúla**

Más mian linn freastal ar riachtanais dhíorma mac léinn atá ag éirí níos líonmhaire agus níos sofaisticiúla, ní mór dúinn infrastruchtúr den chineál is nua-aimseartha a sholáthar dóibh. Is í an straitéis atá ag UCD ná an t-infrastruchtúr dá réir a chur ar fáil do mhic léinn agus do bhaill fhoirne. Chuige seo tá athchóiriú á dhéanamh ar fhoirgnimh atá ann cheana féin, tá córais spárála fuinnimh á gcomhtháthú agus tá foirgnimh nua á dtógáil.

### **Tograí atá curtha i gcrích nó atá ar siúl faoi láthair**

#### *Na hEolaíochtaí Sláinte*

Is dlúthchuid seanbhunaithe de Phlean Forbartha UCD é Scoil an Leighis agus imeachtaí seachtracha eile a athlonnó i Belfield. Maidir leis na hEolaíochtaí Sláinte, cuireadh tús leis an gcéad céim den tógáil (8,000m<sup>2</sup>) i mBealtaine na bliana 2002 (buiséad €35m a bhí ar fáil). D'aistrigh An tAltranas agus An Cnáimhseachas go dtí an foirgneamh nua aimsir na Nollag 2004 agus bhog Íomhánna Diagnóiseacha agus An Fhisiteiripe le linn na bliana 2005.

Cuireadh tús leis an dara céim den tógáil (8,000m<sup>2</sup>) i dtreo dheireadh na bliana 2004. Faoi dheireadh na bliana 2006 beidh Dámh an Leighis ina iomláine imithe ó Ardán Phort an Iarla. €41m atá curtha ar fáil chuige seo. Nuair a bheidh an dara céim tógtha, beidh áis shainiúil ar fáil ag lucht na nEolaíochtaí Sláinte, rud a chuirfidh go mór leis an timpeallacht foghlama agus leis an acmhainn taighde. Is cuid bhunúsach den dearadh comhtháthú mórán de na córais nua-aimseartha maidir le spáráil fuinnimh.

#### *An tIonad um Shintéis agus um Bhitheolaíocht Cheimiceach (CSCB)*

Cuireadh tús le tógáil an Ionaid um Shintéis agus um Bhitheolaíocht Cheimiceach (CSCB) (2,400m<sup>2</sup>) i mBealtaine na bliana 2004 agus beidh baill fhoirne lonnaithe ann faoi Mheán Fómhair 2005. San Ionad sainiúil seo tá áiseanna saotharlainne den scoth a chinnteoidh ardchaighdeán taighde. I measc na n-áiseanna seo tá teicneolaíochtaí NMR

agus Mais-speictreascópachta. Tá an foirgneamh deartha sa chaoi is go mbaintear úsáid as an méid is mó de sholas an lae agus bíonn taighdeoirí na hollscoile ag obair leo in atmaisféar atá geal folláin. Buiséad €10m a cuireadh ar fáil.

#### *Ionad Catherine McAuley*

Ba é an Taoiseach, Bertie Ahern T.D., a d'oscail Ionad Catherine McAuley in Ospidéal Ollscoile Mater Misericordiae i dtreo dheireadh na bliana 2004. €8m a chosain an tIonad seo agus is cuid de mhóorthogra é chun timpeallacht teagaisc nua-aimseartha a chur ar fáil d' fhochéimithe agus d'iarchéimithe leighis, altranais agus cúraim sláinte. Chomh maith leis seo, tabharfaidh na háiseanna le haghaidh taighde chliniciúil na scileanna cuí do lucht leighis chun seirbhís sláinte nua-aimseartha a chur ar fáil in Éirinn a bheidh ar chomhchéim leis na seirbhísí is fearr san Eoraip.

Ba i nDeireadh Fómhair na bliana 2005 a d'oscail UCD an tAonad Acmhainne Géanóim (GRU) – aonad atá mar chuid d'Ionad Catherine McAuley.

#### *An Pailliún Spóirt*

Tá áiseanna feistis do lucht spóirt agus cuirtear seirbhísí éagsúla tacaíochta ar fáil dóibh sa phailliún nua spóirt. Is foirgneamh aon stóir é, dea-ghléasta in adhmaid, ina bhfuil folcadáin oighir, seomraí feistis agus seomraí fisiteiripe. Is foirgneamh 350 m<sup>2</sup> é a tógadh sa bhliain 2004 ar chostas €1.65m.

#### *NovaUCD*

Ba sa bhliain 2003 a críochnaíodh an chéad chéim de thógáil foirgnimh nua trí stór. Ba chuid den togra seo é an t-athchóiriú a rinneadh ar sheanchlós ar shuíomh NovaUCD. Is sa bhfoirgneamh seo atá na hoifigí, na seomraí cruinnithe agus na seomraí seimineár a bhaineann le himeachtaí nuálaíochta agus le himeachtaí aistrithe teicneolaíochta na gcomhlachtaí éagsúla atá lonnaithe ar an gcampas. Ba sa dara céim a díriodh ar an tigh seanré, *Merville House*, a athchóiriú ina iomláine chun níos mó oifigí agus seomraí seimineár a chur ar fáil. Tháinig deireadh le céim 3 den tógáil go luath sa bhliain 2005. Anseo tá aonaid bhithghoradán bheaga a úsáidtear chun miontaighde saotharlainne a dhéanamh. Tá €12m caite go dtí seo ar an togra seo.

### *Institiúid Clinton*

Déanfar Institiúid Clinton, ar champas Belfield, a fhorbairt céim ar chéim. Is cuid den fhorbairt é an t-athchóiriú ar an seanfhoirgneamh UIC, agus táthar ag súil leis go mbeidh an chéim sin curtha i gcrích faoi Mheán Fómhair 2005. Ina dhiaidh sin déanfar Tigh Belfield a fhorbairt chun áiseanna riaracháin a chur ar fáil do bhaill fhoirne. Beidh deireadh leis an gcéim seo déanach sa bhliain 2006. Is é an tÚdarás um Ardoideachas a mhaoinigh an togra, ar chostas €3.4m.

### *Ionad Cónaithe na Mac Léinn*

Bíonn an-éileamh go deo ar an lóistín a chuireann UCD ar fáil ar an gcampas. Faoi láthair tá spás ann do 2,200 áitritheoir. Cuireadh spás do 114 sa bhreis ar fáil sa bhliain 2004, agus beidh 468 spás eile ar fáil i Meán Fómhair 2006. Tá caighdeán an-ard ag baint leis an lóistín nua, rud a fheabhsóidh saol na n-áitritheoirí. Tá teacht ag áitritheoirí ar áiseanna ríomhaireachta agus áineasa; rochtain idirlín gan sreang, mar shampla.

Tá tógáil Ionad Cónaithe eile in aice leis an Ionad Spóirt faoi chaibidil faoi láthair mar chuid de Phlean Forbartha an Champais.

### *Ionaid Chónaithe Thigh Proby, An Charraig Dhubh*

Ar chríochnú thógáil Ionad Cónaithe Thigh Proby i dtreo dheireadh na bliana 2004, cuireadh 114 spás eile ar fáil do mhic léinn ar champas na Carraige Duibhe. Is ionaid chónaithe iad seo atá cosúil le harasáin sa mhéid go bhfuil sé cinn de sheomraí *en-suite*, cistin chomóna amháin agus seomra suí. Ba chuid den togra seo an t-athchóiriú a rinneadh ar Thigh Ligouri. Bainfear usáid as an tigh seo chun lóistín a chur ar fáil do bhaill fhoirne. Buiséad iomlán €14.1m a bhí i gceist.

### *Ionad Cónaithe Glenomena Céim 3*

Cuireadh tús le céim 3 d'Ionad Cónaithe Glenomena i samhradh na bliana 2005. Costas €12.9m a ghabhann leis an togra, agus táthar ag súil leis go mbeidh an obair críochnaithe roimh dheireadh shamhradh 2006. Beidh spás sa dá bhloc nua seo do 168 áitritheoir.

### *Ionad Cónaithe an Ruaphoic Céim 1*

Cuireadh tús leis an gcéad chéim de thógáil Ionad Cónaithe an Ruaphoic le linn shamhradh na bliana 2005 agus táthar ag súil leis go mbeidh sé curtha i gcrích faoi dheireadh Lúnasa 2006. 50 árasán ina mbeidh 6 leaba i ngach ceann díobh a bheidh i gceist. Beidh idir fhochéimithe agus iarchéimithe ag cur fúthu iontu. Is é an buiséad forbartha iomlán atá curtha ar leataobh do Chéim 1 ná €23.5m.

### Tograí Súntasacha Eile

#### *Plean Forbartha an Champais*

Ba iad A&D Wejchert a leag amach an chéad dréacht de Plean Forbartha an Champais i rith na 1960idí. Molann an plean leagan amach straitéiseach d'acmhainní fisiciúla na hollscoile. Déantar leasuithe ar an bplean seo ar bhonn rialta - gach 5ú nó 8ú bliain - i dtreo is go mbeidh sé cothrom chun dáta. Léirítear ann straitéis na hollscoile maidir le háiseanna teagaisc, taighde, spóirt agus lóistín a sholáthar. Ba iad an haitirí Murray Ó Laoire a rinne na leasuithe is déanaí ar Phlean Straitéiseach an Champais; leasuithe a d'fhreagair do chlár tógála a bhí molta do Champas Belfield. I bPlean Forbartha Campais UCD, tá cuspóirí sonraithe a mhéadóidh agus a fheabhsóidh an campas, ó thaobh rochtana agus ó thaobh slándála de. Is mian leis an ollscoil bheith gníomhach ar shlí amháin nó ar shlí eile ceithre huair is fiche is ló, seacht lá na seachtaine. Chuige seo, leanfar den idirghníomhaíocht le baill den phobal i gcoitinne.

Baineann forbairt an champais mar láthair bheomhar, fholláin, chothaitheach le cuspóir bunúsach chun seirbhísí a sholáthar - bíodh seirbhísí tráchtála, oideachais nó cultúrtha i gceist – a d'fhéadfadh an pobal trí chéile leas a bhaint astu. Is dlúthchuid de bhaint amach an chuspóra seo Tionscamh *Gateway (Gateway Project)*. Rachaidh an úsáid a bhainfidh an pobal acadúil agus an pobal 'seachtrach' as na háiseanna seo chun leasa na mac léinn agus an phobail acadúil araon. Is sna gníomhaíochtaí seo a chuirtear síolta rannpháirtíocht an phobail i saol na hollscoile.

Ní miste UCD a fhorbairt amach anseo de réir cuspóirí eolasacha cothaitheacha. Sa bhliain 1987 d'áitigh Gro Harlem Bundtland, ArdStiúrthóir an WHO, go gcaithfí forbairt

a dhéanamh, ní hamháin chun freastal ar riachtanais chomhaimseartha, ach ar riachtanais a d'eascródh amach anseo. Is acmhainn theoranta í talamh. Dá bhrí sin, má bhaintear úsáid gan pleanáil chuí as talamh cruthófar fadhbanna sa deireadh do UCD: fadhbanna a bhainfidh dá chumas chun campas iomlánaíoch a sholáthar mar a mbeidh imeachtaí uile an choláiste ar siúl i dteannta a chéile. Dá bhrí sin arís ní mór cibé úsáid a bhainfear as talamh le haghaidh tógála amach anseo a mheas i bhfianaise na bhfoirgneamh atá ann faoi láthair agus nach bhfuil leas cóir á bhaint astu.

Sa mhéid is a bhaineann leis an bhforbairt chothaitheach, d'fhéadfaí forbairt a dhéanamh ar fhoirgnimh áirithe, i dtreo is go bhféadfaidís freastal níos éifeachtaí agus níos cuimsithí a dhéanamh ar riachtanais an choláiste. Seans go bhféadfaí úsáid eile ar fad a bhaint astu.

#### *Aonad Fuinnimh UCD*

Bunaíodh Aonad Fuinnimh UCD i Mí Eanáir na bliana 2004. Tá foireann ar leith a dhíríonn ar an ngné seo amháin d'obair Roinn na bhFoirgneamh is Seirbhísí. An cuspóir atá acu ná an costas iomlán fuinnimh a laghdú agus meastacháin costais in aghaidh an aonaid a fheabhsú agus polasaí atá neamhdhíobhálach don chomhshaol á chothú acu. Bíonn sé de dhualgas ar an Aonad Fuinnimh ról tosaigh UCD i mBiúró Fuinnimh na gColáistí Tríú Leibhéil (*e3Bureau*) a bhainistiú.

Tá clár um chaomhnú fuinnimh curtha sa tsiúl ar bhonn píolótach. Baineann an clár le seacht bhfoirgneamh ar an gcampas agus tá an chuma ar an scéal go n-éireoidh leis an sprioc a bhí leagtha síos a bhaint amach; is é sin íslíú 10% nó os a chionn ar an tomhaltas bunfhuinnimh laistigh de thréimhse trí bliana. Taobh istigh den tréimhse seo leathnófar an clár chun go mbeidh gach foirgneamh páirteach. Tá an Foirgneamh Innealtóireachta ar cheann de fhoirgnimh an champais is mó a ídíonn fuinneamh. Tá éirithe le beartais spárála fuinnimh laghdú 17% a ghnóthú sa tomhaltas bliantúil fuinnimh ann. Is iad na beartais is suntasaí sa bhfoirgneamh seo ná an nuálaíocht theicniúil, athchóiriú na n-eilimintí agus go mórmhór rannpháirtíocht úsáideoirí an fhoirgnimh sna tograí um éifeachtúlacht fuinnimh.

### *Togra um Shoilsiú an Champais*

Is mian le UCD campas ollscoile a chur ar fáil a bhíonn ag feidhmiú, ar shlí amháin nó ar shlí eile, ó dhubh go dubh seacht lá na seachtaine. Tuigtear go meallfaidh an cultúr 24/7 seo mic léinn, baill fhoirne agus cuairteoirí chun an champais. Is airde próifíl an champais anois agus é soilsithe; rud a spreagann níos mó imeachtaí uair ar bith sa lá. Aimsir na pleanála, scrúdaíodh go mion an tslí ab fhearr chun fuinneamh a chaomhnú; nuair a bhíonn méid mór fuinnimh á usáid in áiteanna áirithe, déantar cúiteamh ann tríd an ísliú a thagann ar an méid a bhíonn in úsáid in áiteanna eile san ollscoil.

Tograí atá ar na bioráin

### *Ionad Taighde UCD*

Is do thograí a fheabhsóidh stádas UCD mar institiúid taighde a thabharfar tús áite. Agus é seo san áireamh, ní miste ionad ar leith a chur ar fáil a leagann amach go díreach íomhá chorparáideach taighde na hollscoile. Tá tús le cur le hÁras Uí Thighearnaigh a shíneadh (600m<sup>2</sup>) i Mí Feabhra 2006, agus táthar ag súil leis go mbeidh sé ullamh faoi Nollaig 2006. Tabharfaidh an tIonad seo tacaíocht do thaighde a dhéantar taobh istigh agus taobh amuigh de UCD. É seo san áireamh, feidhmeoidh sé mar chomhéadan idir UCD agus a pháirtithe taighde, náisiúnta agus idirnáisiúnta, san earnáil thionsclaíoch. Is léiriú neamhbhalbh é an tIonad seo ar thiomantacht UCD don taighde.

### *Gateway*

Tá mórthogra ar bun a athróidh ó bhonn an teagmháil a bhíonn ag UCD leis an bpobal máguaird. Beidh gnéithe cultúrtha, tráchtála agus seirbhísí mac léinn i gceist.

### *Richview Newstead*

Tá níos mó seomraí ranga ar fáil anois leis an athchóiriú a rinneadh ar sheanmhonarcha *Philips*. Bhí gá leis an spás breise seo chun go bhféadfaí an clár UCD *Horizons* a chur i bhfeidhm go héifeachtach. Anuas air seo, tá dul chun cinn suntasach déanta ar phlean chun saotharlanna, oifig agus breis seomraí teagaisc a chur ar fáil ionas gur féidir Innealtóireacht Shibhialta a aistriú ó Ardán Phort an Iarla go dtí Campas Belfield.

### *Institiúid Náisiúnta um Thaighde agus um Thraenáil Bithphroiseála (NIBRT)*

Is cuid den chuibhreannas, ceaptha ag an nGníomhaireacht Forbartha Tionscail (GFT), chun Institiúid Náisiúnta um Thaighde agus um Thraenáil Bithphroiseála a bhunú é UCD. Chuige seo cuirfidh UCD suíomh ar fáil in aice le hAscal Foster. Taibhsítear go mbeidh teagmháil láidir ag UCD le hinstitiúidí tríú leibhéal eile, leis an Rialtas agus le tionscal áitiúil agus idirnáisiúnta na bithchógaisíochta. Is i gcomhpháirt le NovaUCD, a ghníomhaíonn chun tacaíocht a thabhairt do chomhlachtaí ar an gcampas, a fhorbrófar Páirc Nuálaíochta Belfield amach anseo.

### *Crèche*

Ní mó ná sásúil atá áiseanna *crèche* UCD ag freastal ar riachtanais na mac léinn nó na mball foirne i bhfianaise a bhfuil de mhéadú tagtha ar an éileamh a bhíonn acu ar an tseirbhís. Tá deontas €1m faofa ag an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí. Leis seo, tógfar *crèche* nua ina ndéanfar freastal ar suas le 70 páiste. Táthar ag súil leis go mbeidh sé ullamh faoi shamhradh na bliana 2007.

### **An Leabharlann**

Is é príomhstraitéis Leabharlann UCD ná na seirbhísí a sholáthraítear a chur chun cinn mar mhodh chun stádas UCD mar phríomhollscoil diantaighde a bhaint amach agus a chaomhnú. Chomh maith leis seo, is cuid den straitéis é na hacmhainní cuí a chur ar fáil a chinnteoidh ardchaighdeán ollscolaíochta do mhic léinn. Chuige seo, cuirfear go mór le líon na mbailiúchán clóite agus ar líne. Anuas air seo arís méadófar na hacmhainní faisnéise ar shlí nuálaíoch. Beidh na seirbhísí leabharlainne comhtháite i dtimpeallacht ríomhfhoghlama UCD.

### **Dul chun cinn go dtí seo**

Sna blianta 2004 agus 2005 osclaíodh seomra léitheoireachta i bhfoirgneamh na Leabharlainne lasmuigh de na gnáthuaireanta oibre faoi réir scrúduithe an tsamhraidh. Bhí an seomra seo ar oscailt ceithre huairé fichead gach lá. Ina fhianaise seo, tá sé



beartaithe cur le huaireanta oscailte na leabharlainne i dtreo is go mbeidh sé ar oscailt 96.5 uair sa tseachtain: an méid is mó i gcás ollscoil ar bith in Éirinn.

Le dhá bhliain anuas tá feabhas mór tagtha ar sholáthar faisnéise do thaighdeoirí: tá 3,000 sraith agus bunachar faighte ag na heolaíochtaí (rud a chiallaíonn go bhfuil bailiúcháin ar líne UCD ar chomhchéim leis na bailiúcháin is fearr ar domhan) agus tá thart ar 400,000 earra ar líne faighte ag na Daonnachtaí. Tá uasghrádú déanta ar an ngréasán ríomhairí sa tslí go bhfuil nascacht gan sreanga agus 3,000 nascphointe curtha ar fáil. Tá uathchóras iontrála curtha sa tsiúl a bhaineann leas as cártaí aitheantais na mac léinn agus na mball foirne.

Tá seirbhísí agus áiseanna gréasáin comhtháite le tairseach na hollscoile, *UCD Connect*, sa tslí go bhfuil aon chóras amháin cláraithe do na acmhainní ar fad atá ar líne.

Tá tairseacha de réir ábhair le fáil ar shuíomh idirlín na leabharlainne. Tugann seo treoracha d'úsáideoirí ar conas teacht ar an tseirbhís nó ar an acmhainn atá uathu dá gcuid staidéir nó taighde (m.sh. bunachair, ríomhírísí, acmhainní gréasáin ábhartha agus treoirleabhair ar na hábhair). Is féidir turais fhíorúla a thabhairt ar an leabharlann agus is cabhair mhór í seo d'úsáideoirí na leabharlainne.

Is féidir le baill fhoirne acadúla agus le mic léinn iarchéime féachaint isteach ar shuíomh formhór mór na leabharlann in Éirinn nó sa Bhreatain Mhór, agus leabhar a fháil ar iasacht.

### **Cuspóirí amach anseo**

- Leanfar den athchóiriú ar an leabharlann. Cuirfear áiseanna staidéir agus taighde den scoth ar fáil, agus beidh leabharlann taighde ann dírithe go hiomlán ar thaighdeoirí
- Forbrófar ríomhstór ina mbeidh torthaí taighde na hollscoile ar fáil
- Déanfar uasghrádú ar chóras bainistíochta ríomhaireachta na leabharlainne chun cur lena éifeacht agus chun a chinntiú go gcomhlíonfaidh sé caighdeán bhibleagrafaíochta a bhíonn de shíor ag athrú.

Ceann de na nithe is suntasaí ná togra chun Leabharlann Taighde Fíorúil Náisiúnta a fhorbairt. Is clár é seo de chuid Insitiúid Éigse Éireann. Is togra cúig bliana é ina

mbunófar corpus digiteach d'ábhar a bhaineann le stóir scartha ceithre cinn d'ollscoileanna éagsúla. Mar thoradh air seo, cruthófar comhéadan taighdeoir-dhírithe.

### **Seirbhísí Ríomhaireachta**

Tá straitéis shoiléir agus plean cúig bliana (2003 – 08) ceaptha ag Seirbhísí

Ríomhaireachta UCD ina rianaítear na cuspóirí seo a leanas:

- An campas fíorúil a fhorbairt chun go mbeidh teacht ar fhaisnéis agus ar sheirbhísí áit ar bith am ar bith agus tairseach amháin a chruthú chun teacht ar sheirbhísí agus ar an ngréasán
- Seirbhísí aonfheidhme TF taighde a chur i bhfeidhm chun freastal ar riachtanais taighdeoirí UCD
- Na háiseanna ranga ríomhfhoghlama agus teicneolaíochta is fearr a chur ar fáil do mhic léinn agus do bhaill fhoirne
- Infrastruchtúr beoga sáréifeachtach a chur i bhfeidhm a thacóidh le cuspóirí taighde, teagaisc agus bainistíochta na hollscoile
- Rochtain faisnéise a chinntiú, chomh maith leis an mbainistiú éifeachtach, trí leas a bhaint as an ngréasán i gcás sheirbhísí riaracháin áirithe

### **Dul chun cinn go dtí seo**

Cuireann Seirbhísí Ríomhaireachta áiseanna agus feidhmchláir TF ar fáil do 25,000 úsáideoir (22,000 mac léinn, 3,000 ball foirne). Tá 22,000 pointe gníomhach rochtana ar an gcampas, méadú 50% ar líon na bpointí a bhí ann dhá bhliain ó shin. Seo an figiúr a bhí mar sprioc sa phlean 5 bliana, inar lorgaíodh pointe rochtana amháin in aghaidh an mhic léinn. Baineadh an sprioc seo amach bliain níos luaithe ná mar a bhí leagtha amach sa straitéis agus laistigh den bhuiséad chomh maith. Cruthaíodh 250 bonnstáisiún gan sreanga leis.

*Tascairí suntasacha eile i dtaca leis an dul chun cinn atá déanta*

	<b>2003</b>	<b>2005</b>	
Líon na ríomhúsáideoirí	7,000	15,000	Méadú x 2
Toilleadh stórais in	50 MB	178 MB	Méadú x 2

aghaidh an mhic léinn			
Oiliúint ionduchtúcháin i gcás mac léinn chéad bhliana	800	3,700	Méadú x 4
An lárdeasc chabhrach: uaireanta ar oscailt	40	50	Meadú 25%

Is iad na leibhéil soláthair seirbhíse is fearr a léiríonn cé chomh iontaofa is atá an tseirbhís. 99.5% an leibhéal don bhliain 2004/05. Ba é UCD an chéad ollscoil in Éirinn a chuir seirbhís aonfheidhme TF ar fáil do thaighdeoirí; rinneadh é seo sa bhliain 2005 tar éis riachtanais lucht taighde na hollscoile a mheas go mion.

Rinneadh athnuachan ar infrastruchtúr an ghreasáin: cuireadh cáblaí nua sna seanfhoirgnimh agus rinneadh athchóiriú iomlán ar chóras na Leabharlainne.

Bíonn gach mac léinn páirteach sa ríomhfhoghlaim ar chaoi amháin nó ar chaoi eile os rud é go bhfuil 1,300 cúrsa ar chóras *Blackboard*. Tá méadú 100% tagtha ar líon na n-úsáideoirí ón chéad lá a cuireadh an córas i bhfeidhm; comhartha go bhfuil glactha leis mar dhlúthchuid den phróiseas teagaisc.

Cuireadh an tairseach UCD *Connect* ar fáil do mhic léinn agus do bhaill fhoirne uile le linn na tréimhse 2003-05. Anois, agus teacht acu ar na mórsheirbhísí TF, tá ar chumas mac léinn agus ball foirne UCD leas a bhaint as aon tairseach amháin chun fónamh a bhaint as ríomhphost, an fhéilire, comhaid, iriseáin leabharlainne, ríomhfhoghlaim, clárú, nuacht agus eolas ábhartha eile.

### **Cuspóirí amach anseo**

- Tacú le modúlú UCD *Horizons* trí sheirbhísí ar líne a leathnú agus seirbhísí a chur ar fáil do phobal níos fairsinge daoine
- Seirbhísí taighde TF a leathnú trí óstáil, stóras agus feidhmchláir a chur ar fáil a dhíríonn ar riachtanais shainiúla na n-úsáideoirí áirithe seo

- Timpeallacht teicneolaíoch lán-shoghluaiste a thógáil do mhic léinn agus do baill fhoirne – bheadh cláir do ríomhairí glúine, campas gan sreanga agus seirbhísí taca dáihte i gceist leis seo
- Trí leas a bhaint as feidhmchláir atá bunaithe ar an ngréasán chun tuairisciú a dhéanamh agus chun ábhar a bhainistiú, cuirfear feabhas ar an gcaoi a bhainistítear agus dháiltear faisnéis.

### **Gairmthreoir agus Fostaíocht**

Is mian le UCD go n-éireoidh le céimithe gairm bheatha a bhaint amach ina mbeidh sé de chumas acu cur leis an saol sóisialta, cultúrtha agus eacnamaíoch; ní hamháin in Éirinn, ach ar fud an domhain. Chun na críche seo, cuireann An Oifig Ghairmthreoracha agus Ceapachán réimse seirbhísí ar fáil, leabharlann tagartha gairmeacha ina measc, a chuireann mic léinn ar an eolas i dtaobh nithe éagsúla agus a chuireann treoir orthu siúd a bhíonn á lorg.

### **Dul chun cinn go dtí seo**

Tá ag éirí le céimithe jabanna maithe a fháil, in Éirinn agus thar lear. Is beag céimí a fhágtar gan post: 2.2% den díorma iomlán sa bhliain 2003, agus 2.7% sa bhliain 2004. Tá méadú tagtha ar líon na gcéimithe a leanann ar aghaidh leis an ollscolaíocht trí chúrsa iarchéime a dhéanamh: 45.1% a bhí ann sa bhliain 2003, 47.9% a bhí ann sa bhliain 2004. Is ionann na huimhreacha seo agus an líon céimithe a chuaigh díreach ag obair. Is nós ag UCD Aonach Gairmeacha a thionól i mí Dheireadh Fómhair agus bíonn an-thóir air i measc mac léinn. Ní hamháin sin, ach is iomaí fostóir ó thíortha eile a thagann go UCD chun earcaíocht a dhéanamh.

### **Cuspóirí amach anseo**

Leanfaidh baill fhoirne na hOifige Ghairmthreorach agus Ceapachán leis an bhfairsingiú atá á dhéanamh acu ar litríocht a bhaineann le gairmeacha do chéimithe. Chomh maith leis seo, leanfar de thograí a dhéantar i gcomhpháirt leis an gCumann um Sheirbhísí Treoirghairme in Éirinn (AGCSI) agus leis an *Association of Careers Advisory Services* a fheidhmíonn sa Bhreatain Mhór agus in Éirinn.

Leanfaidh an Oifig de bheith ag iarraidh na modhanna is éifeachtúla a aimsiú chun cabhrú le mic léinn agus iad i mbun a rogha gairm. Déanfar é seo trí theagmháil phearsanta, trí na leabharlanna treoirghairme, tríd an suíomh idirlín [www.gradireland.com](http://www.gradireland.com) nó tríd an eolaire *Gradireland*.

## **Rochtain**

Tuigtear do UCD nach mbíonn na deis chéanna ag baill uile na phobail leas a bhaint as an ardoideachas. Tá Stiúrthóir na hOifige Rochtana tiomanta don uile-rannpháirtíocht san oideachas. Tá sé d'aidhm ag an Oifig timpeallacht fhoghlama a chruthú ina bhfuil comhionannas deiseanna ag an uile dhuine, polasaí atá á chur chun cinn go tréan ag an Stát. Is iad an fo-ranna atá san Oifig ná An tSeirbhís Tacaíochta do Lucht Míchumais, An Chomhairleoir do Mhic Léinn Lánfhásta agus an ERA nua.

## **Dul chun cinn go dtí seo**

### *Seirbhís Tacaíochta do Lucht Míchumais*

Tá forbairt mhór tagtha ar an Seirbhís Tacaíochta do Lucht Míchumais le dhá bhliain anuas sa tslí go bhfuil réimse níos leithne de shochair agus de thacaíochtaí ar fáil do mhic léinn atá faoi mhíchumas. Cuirtear i gcás Teicneolaíocht Chúnta, Seirbhísí Leabharlainne (ina gcuirtear an t-ábhar ar fáil i bhformáid éagsúla), Seirbhís Tacaíochta Teagaisc agus Foghlama agus Tionscnamh na Mac Léinn Lánfhásta atá faoi mhíchumas. Chláraigh 350 mac léinn leis an tseirbhís don bhliain acadúil 2004/05, 340 mac léinn don bhliain acadúil 2003/04 agus 275 mac léinn don bhliain acadúil 2002/03.

Is é an míchumas is coitianta i measc lucht cláraithe ná míchumas foghlama ar leith (m.sh. disléicse). Ina fhianaise seo tá seirbhís forbartha bunaithe a chlúdaíonn scagthástáil diagnóiseach, straitéisí foghlama, teicneolaíochtaí cúnta agus oiliúint do bhaill fhoirne.

### *An Chomhairleoir do Mhic Léinn Lánfhásta*

Ceapadh Comhairleoir do Mhic Léinn Lánfhásta i samhradh na bliana 2004 chun seirbhís iarchlárú comhairleoireachta agus tacaíochta a bhunú a bheadh dírithe go sonrach ar

mhic léinn lánfhásta. Is suntasach an úsáid a bhaintear as an tseirbhís seo ina reáchtálar imeachtaí mar chlár aonfheidhme treoshuímh, ceardlanna acadúla, seisiúin chomhleoireachta duine le duine agus ina cuirtear ról abhcóideachta ar fáil dóibh. Bhain níos mó ná 800 mac léinn leas as an seirbhís seo sa bhliain 2004/05.

### *ERA Nua*

Is é an dualgas atá ar ERA Nua UCD ná rannpháirtíocht in ardoideachas mac léinn ó chúlraí socheacnamaíocha íochtaracha a chothú, agus pé tacaíocht is gá a chur ar fáil dóibh. Is scéim é seo atá bunaithe ar an gcomhpháirtíocht idir scoileanna agus pobail i gceantair atá faoi mhíbhuntáiste. Faoin scéim seo, cuirtear comhairle ar dhaoine, eagraítear imeachtaí réamhiontrála, socraítear bealaí iontrála agus cuirtear tacaíocht iariontrála ar fáil. Tá méadú suntasach tagtha ar líon na rannpháirtithe le blianta beaga anuas. 93 a bhí páirteach i Meán Fómhair 2003, 113 i Meán Fómhair 2004. Sa bhliain 2005 bronnadh céim ar 59 mac léinn, agus an chéad nó an dara onóir gnóthaithe ag 75% díobh.

Le dhá bhliain anuas tá forbairt déanta ar an gclár for-rochtana a dhéantar i gcomhpháirt leis na bunscoileanna. Chomh maith leis seo, tá clár cónaithe réamhiontrála iomlán forbartha le haghaidh na mac léinn a bheidh ag clárú don chéad bhliain.

### **Cuspóirí amach anseo**

Tá béim mhór leagtha ag Stiúirthóir na hOifige Rochtana ar chlú UCD mar institiúid a chothaíonn na huile-rannpháirtíochta a chraobhscaoileadh. Díreofar as seo amach ar nithe mar:

- Earcaíocht a dhéanamh i measc na ngrúpaí is lú a fhaigheann ardoideachas
- An teagasc, an fhoghlaim agus an measúnú cuimsitheach a chothú mar dhlúthchodanna de churaclam na hollscoile
- Ciste taighde a bhunú taobh istigh den Oifig féin chun taighde ar an ábhar a spreagadh. Thabharfaí tacaíocht dóibh siúd a dhéanfadh taighde ar ábhair mar chomhionannas, rochtain ardoideachais, tacaíocht do mhic léinn agus an chuimsitheacht shóisialta.

Is é an sprioc atá curtha rompu don bhliain 2008 ná gur daoine ó chúlraí neamhthraidisiúnta a bheidh i 20% den díorma iomlán mac léinn Éireannacha. Déanfar mioniniúchadh ar rochtain na hollscoile. Maidir le foirgnimh UCD, déanfar inrochtaineacht a chóimheas. Chomh maith le foirgnimh na hollscoile, scrúdaíonn iniúchadh mar seo dearcadh na mball foirne, an oiliúint atá curtha ar bhaill fhoirne agus na seirbhísí eolais atá ar fáil, bídís i bhfoirm chlóbhuailte nó i bhfoirm phearsanta. Sainaithneofar na constaicí is mó atá ann agus molfar na slite is fearr chun dul i ngleic leo. Déanfar na moltaí a chostasú. Treoir a bheidh sa tuairisc seo don dea-chleachtas amach anseo.

### **An tAosoideachas**

Tá UCD tiomanta don fhoghlaim ar feadh an tsaol agus chuige seo ní mór an t-aoisdeachas a chur chun cinn. Freastalaíonn Ionad Aosoideachais UCD ar fhoghlaimoirí fásta den uile shaghas trí chúrsaí páirtaimseartha a sholáthar. Cur chuige cuimsitheach a bhíonn ag na cúrsaí seo ina ndírítear ar riachtanais na bhfoghlaimoirí.

Earcaítear teagascóirí atá díograiseach agus tiomanta don ghnó atá ar bun. Ní hamháin go bhfuil saineolas acu ar ábhar na gcúrsaí, ach tá taithí mhaith acu ar bheith ag obair le foghlaimoirí fásta.

Cuirtear oiliúint ghairmiúil ar theagascóirí agus ar bhaill fhoirne eile de chuid UCD ar bhonn leanúnach trí cheardlanna rialta a eagrú.

### **Dul chun cinn go dtí seo**

Tá méadú suntasach tagtha ar líon na bhfoghlaimoirí fásta a chláraíonn:- breis agus 3,000 mac léinn a chláraíonn gach bliain. Cuirtear réimse leathan cúrsaí ar fáil, bíodh cúrsaí bunaithe ar ábhar suime ar leith nó cúrsaí a mbíonn Teastas nó Diplóma ó Ollscoil Náisiúnta na hÉireann ag gabháil leo i gceist. Cláraíonn suas le leath de na foghlaimoirí do chúrsaí Teastais nó Diplóma. Riarann an tIonad cuid de na cúrsaí rochtana (tugadh *Return to Learning* ar na cúrsaí roimhe seo) do dhaoine fásta ar mian leo ardoisdeachas a chur orthu féin. Má éiríonn leis na mic léinn seo cúrsaí rochtana a

chríochnú, bíonn siad i dteideal cur isteach ar chúrsaí céime. Riartar cúrsaí rochtana sna hEalaíona agus Eolaíochtaí Daonna, san Eolaíocht agus Innealtóireacht agus sa Tráchtáil.

Reáchtálann an tIonad cúrsaí in Ionaid For-rochtana agus tá gréasán pairtnéirí bunaithe idir an tIonad agus baill ó na héarnálacha príobháideacha, poiblí, pobail agus deonacha.

### **Cuspóirí amach anseo**

Is príomhchuspóir de chuid an Ionaid é cultúr an taighde a fhorbairt – taighde a bheadh mar bhunús le cleachtas an Ionaid. Tá sé mar aidhm ag an Ionad leanúint den fhorbairt agus den soláthar a dhéantar ar dheiseanna foghlama chun go mbeidh foghlaimeoirí fásta mar dhlúthchuid de shaol na hollscoile.

### **Cúnamh Airgid do Mhic Léinn**

Le linn dóibh a bheith san ollscoil, is minic brú de shaghasanna éagsúla ar mhic léinn; bíodh deacrachtaí airgeadais, síceolaíochta, cultúrtha nó fisiciúla i gceist.

Is tábhachtach an ní é do UCD an tacaíocht chuí a thabhairt do mhic léinn ionas go n-éireoidh leo na deacrachtaí seo a shárú. Is cuid lárnach den tacaíocht seo an cúnamh airgid a thugtar chun an baol go bhfágfadh mic léinn a gcúrsa staidéir a sheachaint.

### **Dul chun cinn go dtí seo**

Tá trí scéim ar leith ar bun ag UCD chun cúnamh a thabhairt do na mic léinn úd a bhfuil gá acu leis:

1. An Ciste um Leas Mac Léinn a thugann cúnamh airgid do mhic léinn atá i gcruachás nach raibh coinne acu leis
2. Scéim Cúnaimh Mac Léinn (SAS) a thugann cúnamh airgid do mhic léinn atá faoi mhíbhuntáiste i dtreo is gur féidir leo an leas is fearr a bhaint as a gcuid staidéir ar an tríú leibhéal
3. Scéim Fóirdheontais um Chúram Leanaí



Braitheann na scéimeanna ar fad go mór ar mhaoiniú ón Phlean Náisiúnta Forbartha, plean atá tacaíthe ag Ciste Sóisialta na hEorpa. Úsáidtear an t-airgead ó fhineálacha a ghearrtar ar mhic léinn agus ó shíntiúis mar fhoínse bhreise i maoiniú na scéime. Le dhá bhliain anuas is deacair do UCD freastal ar gach cruachás ó tharla laghdú súntasach ar an maoiniú a chuir an Plean Náisiúnta Forbartha ar fáil agus líon na gcruachásanna ag méadú ag an am céanna.

Líon na mac léinn faoi na scéimeanna seo:

	<b>2003/04</b>	<b>2004/05</b>
Scéim Cúnaimh Mac Léinn	159	207
An Ciste um Leas Mac Léinn	195	223
Fóirdheontais um Chúram Leanaí	21	21

Bunaíodh bratchoiste, An Chiste Leasa agus Cúnaimh Mac Léinn, sa bhliain 2004 chun na gnáthaimh riaracháin a shimpliú. Is é an Coiste seo a riarann an Ciste um Leas Mac Léinn, an Scéim Cúnaimh Mac Léinn agus na Fóirdheontais um Chúram Leanaí.

### **Cuspóirí amach anseo**

Tá forbairt á dhéanamh faoi láthair, i gcomhpháirt leis an Oifig Forbartha, ar phleananna chun maoiniú breise a lorg chun fóirithint ar mhic léinn a bhfuil gá acu le cúnaimh airgid.

### **Tacaíocht do Mhic Léinn, Séiplíneacht agus Comhairleoirí Mac Léinn**

Tá an-thábhacht le gréasán éifeachtach tacaíochta do mhic léinn más mian le UCD a mhaíomh go bhfuil gach cabhair á thabhairt chun go mbainfidh mic léinn a gcuspóirí amach. Ní miste bheith ábalta teacht ar an tacaíocht chuí go furasta. Is cuimsitheach iad na seirbhísí foirmeálta a chuireann UCD ar fáil chuige seo chomh maith leis na hacmhainní sainiúla tacaíochta a bhíonn ar fáil. Is é is cuspóir leis seo ar fad ná an tacaíocht is fearr ag aon cheann d'ollscoileanna na hÉireann, ó thaobh na cáinníochta de agus ó thaobh na cáilíochta de, a sholáthar do mhic léinn UCD agus an tacaíocht seo a bheith ar chomhchéim leis an gcleachtas is fearr amuigh.

## **Dul chun cinn go dtí seo**

Rinneadh athstruchtúráil ar an ngréasán tacaíochta mac léinn sa bhliain 2002. Ceapadh comhairleoirí mac léinn agus séiplínigh i ngach Dámh agus Roinn. Cuireadh grúpa ar leith mac léinn faoi chúram an duine seo. Cuireann na comhairleoirí agus na séiplínigh comhairle ar mhic léinn maidir le hiliomad gnéithe den saol, bíodh nithe oideachasúla, nó pearsanta i gceist. Is minic, leis, a spreagann siad mic léinn chun dul i mbun tograí áirithe.

### *Saorálaithe UCD Thar Lear*

Is sa bhliain 2003 a bunaíodh Saorálaithe UCD Thar Lear tar éis do ghrúpa mac léinn tréimhse a chaitheamh ag obair, ar bhonn deonach, san India. Rinne siad athchóiriú ar ionad pobail agus d'oibrigh siad i ndílleachtlann. Eagraíodh dhá chuairt eile i 2004 agus arís i 2005 agus le linn an ama seo thóg na mic léinn dhá scoil.

Tugadh faoi thionscann eile mar é i Háití i mí Iúil na bliana 2005. Mar chuid den togra seo rinne na saorálaithe athchóiriú ar *Kaipo* (tigh na mbocht). Chomh maith leis seo thóg siad díoga agus chuir siad síol féir chun baol tuilte an cheantair a mhaolú. Ghlac mic léinn UCD páirt i dhá shiúlóid urraithe, ceann amháin i mí an Mheithimh 2004 agus ceann eile i mí an Mheithimh 2005, go dtí Santiago de Compostela i Galicia na Spáinne. Bronnadh an t-airgead a bailíodh ar an mbrú atá ag an Athair Peter McVerry ar mhaithe leo siúd a mhaireann ar éigean ar shráideanna Bhaile Átha Cliath.

### *Tograí eile*

Sa bhliain 2004, agus arís sa bhliain 2005, le cabhair ó shéiplínigh agus ó chomhairleoirí mac léinn, d'eagraigh Coiste na Mac Léinn Seó Faisin Ealaíona UCD. Bhí an seó ar siúl sa *Point Depot*. Is é seo an seó faisin is mó san Eoraip. Bailíodh níos mó ná €10,000 don charthannacht AWARE sa bhliain 2004 agus do bhailiúchán Tsunami na Croise Deirge sa bhliain 2005. Is inmholta a bhfuil déanta ag séiplínigh chun scéimeanna malartaithe a eagrú leis an tSlóivéin agus leis an nGearmáin. D'fhreastail mic léinn ó UCD ar Lá na nÓgánach i Cologne.

## **Cuspóirí amach anseo**

Tá UCD tiomanta don obair dheonach agus do bhailiúcháin ar son cumann carthannachta, bíodh Baile Átha Cliath nó áiteanna níos faide ó bhaile i gceist. Táthar ag cuimhneamh faoi láthair ar fhéidearthachtaí i gcás Mheiriceá Theas.

Mar chuid den chéiliúradh UCD 150 sa bhliain 2004 foilsíodh an leabhar *Colour on a Grey Canvas* ina raibh cuntas agus grianghraif a bhain le cuairt na bliana 2004 ar Delhi. Ba iad na mic léinn a scríobh na cuntais agus bronnadh an t-airgead a bailíodh ar thograí eile de chuid Saorálaithe UCD Thar Lear.

## **An Spórt**

Is cuid lárnach d'fhorbairt agus de shásamh na mac léinn an pháirt a ghlacann siad i gcúrsaí spóirt agus iad ag freastal ar UCD. Ní hamháin seo ach tugann sé an deis d'iarmhíic léinn an teagmháil atá acu leis an ollscoil a bhuanú. Is cuid dár straitéis é go mbeadh sé ar ár gcumas a fhógairt gur i UCD atá na háiseanna spóirt is fearr sa tír ar fáil.

Chuirge seo tá mórchláir ar leith leagtha amach:

- Áiseanna spóirt den scoth a chur ar fáil, linn snámha ina measc
- Institiúid Spóirt agus Sláinte UCD a fhorbairt agus a chur ar fáil
- Ionad UCD um Ardfheidhmíocht sa Spórt a leathnú
- Cláir nua sa Spórtoideachas a fhorbairt agus a chur ar fáil
- Bunláthair Spóirt a fhorbairt i dreo is go mbeidh áit ar leith ar champas Belfield do na háiseanna spóirt ar fad.

## **Dul chun cinn go dtí seo**

Le linn na tréimhse 2003-2005 tháinig méadú mór ar líon na mac léinn a ghlac páirt in imeachtaí spóirt. Léiriú ar shaothar na nOifigeach Forbartha Spóirt is ea an t-iomlán de 8,000 duine a ghlacann páirt sna himeachtaí spóirt éagsúla; go mórmhór sna cluichí gaelacha, sa rugbaí agus sa sacar. 58 club ar fad atá ann faoi láthair agus is suntasach an méadú atá tagtha ar líon na ngníomhaíochtaí eachtraíochta.

## **Forbairtí a rinneadh le déanaí:**

- Tá páirceanna na gcluichí Gaelacha lasta ag tuilshoilse anois
- Tá sé pháirc imeartha sintéisigh nua atá iata ina iomláine againn. Tá láthair traenála nua againn atá ar chomh-mhéad le páirc imeartha
- Tá dromhchla nua ‘*generation*’ ag an Staid Náisiúnta Haca. Tá athchóiriú déanta ar an seastán sa tslí is go bhfuil láthair suite ann
- Tá córas tuilsoilsiú suiteáilte i ngach ceann de na cúig chúirt leadóige
- Tá Ionad nua um Ardfeidhmíocht sa Spóirt forbartha mar chuid den chlár do shárlúthchleasaithe
- Tá ceithre sheomra feistis den chineál is déanaí tógtha ag Staid Spóirt UCD, ar chostas €1.6m.

### **Cuspóirí amach anseo**

Díríonn an straitéis um fhorbairt spóirt ar na háiseanna spóirt mórthimpeall ar an Ionad Spóirt a fhorbairt agus ar an Institiúid Spóirt agus Sláinte a bheith mar chuid de Chomhláithreán na nEolaíochtaí Sláinte.

Tá sé an-tábhachtach leis go mbeadh cúrsaí spóirt ar chlár acadúil UCD.

Ta pleananna deartha mar chuid d’fhoirgneamh nua a mbeidh linn snámha ann. Is cuid den Institiúid Spóirt agus Sláinte (ISH) a bheidh anseo. Chomh maith leis seo is mór an dul chun cinn atá déanta maidir le pleananna chun Sacar UCD a bhogadh go dtí Staid Spóirt Belfield (*Belfield Bowl*). Dá mbeadh na háiseanna seo i bhfearas, bheadh ar chumas UCD an láthair a chur ar fáil mar ionad lonnaithe d’iomaitheoirí imeachtaí móra spóirt: ar nós Cluichí Domhanda na nOilimpeach Speisialta agus ócáidí móra náisiúnta agus idirnáisiúnta mar Chluichí Oilimpeacha Londain na bliana 2012.

## **Buaicphointí Spóirt**

### **2003/2004: Iománaíocht**

Baineadh siar as mórán nuair a fuair iománaithe UCD an lámh in uachtar ar Chill Chainnigh, curaí uile Éireann, i gCorn Breathnach. Ba é seo an chéad uair ag club, nár chlub contae é, an corn a bhuachaint.

## **2004/2005: Eachaíocht**

Bronnadh Gradam an Dr. Tony O' Neill - Spórtphearsa na Bliana - ar bhall de Chlub Eachaíochta UCD, Gerald Bloomer. Bhuaigh Gerald an bonn óir sa chomórtas *dressage* agus an bonn airgid sa chomórtas seóléimnigh i gCorn Náisiúnta *Rider* do Mhic Léinn. Ghlac sé páirt ar son UCD agus ar son na hÉireann i gCraobhchomórtas Domhanda Eachaíochta na nOllscoileanna. Ghnóthaigh sé bonn óir sa dá chomórtas - aonair agus foirne – *dressage*.

## **An Ceol**

Is iomaí deis a bhíonn ar fáil do mhic léinn a bhfuil suim acu sa cheol, bíodh na mic léinn ag déanamh staidéir ar an gceol féin nó i mbun cúrsa staidéir de shaghas eile ar fad. Féachtar i ndiaidh daoine ag leibhéil éagsúla, agus go deimhin déantar freastal ar gach saghas ceoil. Leanann an méadú i gcónaí ar líon na mac léinn a ghlacann páirt sna himeachtaí ceoil éagsúla de chuid UCD, cé nach bhfuil staidéar foirmeálta á dhéanamh acu ar an ábhar.

Tá UCD tiomanta don tacaíocht chuí a chur ar fáil do chúrsaí ceoil i dtreo is go ndéanfaidh grúpaí ceoil na hollscoile forbairt agus ionas go nglacfaidh breis mac léinn páirt sna himeachtaí éagsúla ceoil.

## **Dul chun cinn go dtí seo**

Tá cúig mhórghrúpa ceoil ann: Na Scoláirí Córúla, An tSionfóin, Cór an Choláiste, An Cheolfhoireann Bharócach agus An Cór Aireagail.

Sa bhliain 2003 agus iad faoi stiúr Desmond Earley, bhuaigh Scoláirí Córúla UCD dhá chomórtas ag 16ú Féile Bhliantúil Chórúil Idirnáisúnta Shligigh. Sa bhliain 2004, chuir Na Scoláirí *Road of Passage*, an píosa a chum Michael McGlynn mar chuid de chéiliúradh UCD 150, i láthair. B'é seo a chéad léiriú a rinneadh air. In Aibreán na bliana 2005, thug siad léiriú sainiúil ar an Messiah le G.F. Handel.

I mí Feabhra na bliana 2004, ba í An tSionfóin a bhí mar thionlacan ag Cór an Choláiste agus ag Na Scoláirí Córúla nuair a chan siad ag Aifreann Corónaithe Mozart. I mí Feabhra na bliana 2005, agus iad ag seinnt ar láthair taobh amuigh den champas den chéad uair riamh, sheinn an ceolfhoireann sa Cheoláras Náisiúnta i mBaile Átha Cliath.

Le dhá bhliain anuas tá Cór Aireagail UCD agus Ceolfhoireann Bharócach UCD ag díriú ar shaothar Johann Sebastian Bach. I mí Feabhra na bliana 2004, sheinn siad coinséartó Brandenburg, uimhir a 5. Beidh cuimhne go deo ag daoine ar an léiriú a rinne siad i mí na Nollag 2004 mar chuid de chéiliúradh UCD 150, ar Aifreann Bach i mionB.

Is é John White stiúrthóir Chór an Choláiste ón bhliain 2004. Eisean a spreag na cantairí sa léiriú ealaíonta a rinne siad, i mí Feabhra na bliana 2005, ar Aifreann Antonín Dvorak i D.

### **Cuspóirí amach anseo**

Beidh nasc níos láidre idir an *ensemble* ceoil agus Scoil Cheoil nua UCD. Cuirfidh Scoil Cheoil UCD cúrsaí ar fáil a bheidh mar chuid den togra nua UCD *Horizons*. Ní hamháin go mbeidh an deis ag mic léinn forbairt a dhéanamh ar na buanna ceoil atá acu, ach tuillfidh siad creidmheasa má bheartaíonn siad ar mhodúl ceoil a dhéanamh. Tá cainteanna ar siúl faoi láthair ar Bhana Luasc-cheoil a bhunú, rud a chuirfeadh níos mo fós leis an saghas ceoil a sheinntear ar an gcampas.

### **Cumainn Mac Léinn**

Tá 100 cumainn mac léinn i UCD agus líon na mac léinn páirteach iontu ag méadú i gcónaí sa tslí is go bhfuil iomlán de 35,000 ball cláraithe iontu. Tá 4,000 ball, nó os a chionn, ag cuid de na cumainn is mó san ollscoil. Tá níos mó ócáidí á n-eagrú ag na cumainn seo i rith an ama, cuid acu ar ardchaighdeán agus iad ag tarraingt aird na meán agus an phobail orthu féin.

Cuireann Plean Straitéiseach UCD béim ar an tábhacht a bhaineann le rannpháirtíocht sna cumainn i bhforbairt iomlán an mhic léinn. Téann sé chun leasa na mac léinn a bheith

páirteach in imeachtaí oideachasúla, cultúrtha agus sóisialta, bíodh imeachtaí seach-churaclaim nó comh-churaclaim i gceist. Is deis í an rannpháirtíocht seo chun forbairt phearsanta a dhéanamh: is iomaí scil a fhorbraítear, go mórthór scileanna um bhainistíocht daoine, scileanna riaracháin agus scileanna um bhainistíocht ama.

### **Dul chun cinn go dtí seo**

Ón bhliain 2004 ar aghaidh is post buan é an post mar Oifigeach na gCumann Ollscoile. Cruthaíodh an post seo i dtreo is go ndéanfaí forbairt leanúnach ar ghníomhaíochtaí na gcumann.

Cuirtear seachtain ar leataobh do mhic léinn na chéad bhliana ar dtugtar Seachtain ‘*Freshers*’. Tugann an tseachtain seo deis do na cumainn uile na gníomhaíochtaí agus na himeachtaí éagsúla a bhíonn ar bun acu a léiriú. Seo an ócáid is mó de chuid mac léinn a réachtálar sa tír. Cuirtear poball in airde agus tagann breis is 40,000 duine ar cuairt chuige agus glacann páirt in imeachtaí éagsúla na seachtaine.

Tá forbairt déanta ar an oiliúint a chuirtear ar reachtairí agus ar bhail choiste na gcumann. Is maith a thuigeann an ollscoil gur modh é seo chun scileanna tábhachtacha a mhúineadh do mhic léinn, scileanna a mbainfidh siad leas astu agus iad ag feidhmiú sa tsaoil mór amach anseo.

Ghlac cumainn na mac léinn ról nár bheag sa chéiliúradh a rinneadh ar UCD 150. Cuireadh seachtain amháin ar leataobh chun ról na gcumann i saol na hollscoile síos tríd na blianta a aithint.

Is minic daoine clúiteacha mar aoichainteoirí ag na cumainn ollscoile. Le déanaí labhair buaiteoirí na duaise Nobel Séamus Heaney agus FW de Klerk, na haisteoirí Sir Roger Moore agus Mickey Rooney agus na réalta spóirt Gary Lineker agus Sir Alex Ferguson ag ócáidí eagraithe ag cumainn éagsúla. Ar na pearsa poiblí a labhairt bhí An Taoiseach Bertie Ahern TD, Lord Archer agus Rev. Jesse Jackson.

## **Cuspóirí amach anseo**

Tá sé i gceist ag an ollscoil córas creidiúnaithe a chur sa tsiúl a aithneoidh gníomhaíochtaí seach-churaclaim. Léireodh córas mar seo an pháirt shuntasach a ghlacann cumainn na mac léinn i saol UCD agus i saol na hÉireann. Ní hamháin seo, ach bronnfaidh sé luach saothair ar mhic léinn as na scileanna a d'fhorbair siad i réimsí éagsúla.

## **Buaicphointí Chumainn na Mac Léinn**

Bronnadh an teideal 'Cumann Mac Léinn na Bliana' ar chumann de chuid UCD (ar an gcumann L&H) sa bhliain 2004 agus arís sa bhliain 2005 (ar an gcumann *Dramsoc*). Is léiriú é seo d'ardchaighdeán gníomhaíochta chumainn UCD.

I Mí Eanáir na bliana 2004, bronnadh an onóir ar chumann L&H UCD Craobhchomórtas Díospóireachta an Domhain a thionól i Nollaig 2005/Eanáir 2006. Seo an ócáid is mó mac léinn ar domhan taobh amuigh dóibh siúd a bhfuil baint acu le cúrsaí spóirt.

Thug Dramsoc céim shúntasach chun tosaigh nuair a ghlac siad páirt, den chéad uair, i bhFéile Dhún Éideann. Ba é an dráma a léirigh siad ná '**This Lime Tree Bower**' agus fuair siad ardmholadh. Ba é an céimí Conor McPherson a scríobh an dráma.

## **Fóirithint na Mac Léinn Leighis ar Thíortha Thar Lear**

Taobh istigh den tréimhse 2004-05, chuaigh 25 mac léinn de chuid UCD go dtí an Mhaláiv, go dtí an Chéinia, go Péiriú, go dtí Uganda, go dtí An tSáimbia, go dtí An Ghuáin, go dtí Háití agus go Meicsiceo. Sular fhág siad bhailigh na mic léinn níos mó ná €3,000 i dtreo is go bhféadfadh gach duine díobh €1,250 a bhronnadh ar an ospidéal ina mbeidís ag obair. Úsáideadh an t-airgead seo chun soláthairtí leighis, trealamh agus nithe riachtanacha eile a cheannach do na hospidéil. Bhí cúrsaí go hainnis sna hospidéil: ba mhínic beirt nó triúr in aon leaba amháin, níor tugadh aon aird ar shláintíocht agus bhí géarghanntanas drugaí iontu. É seo ráite, ba mhór an méid a d'fhoghlaim na mic léinn agus ba mhór an méid oibre a rinne siad le linn dóibh a bheith ag obair sna hospidéil. 19 mac léinn a d'imigh le linn na tréimhse 2003-2004 agus €2,000 carnaithe acu.